

## **Ábhar**

## **Ceartha Teanga**

### **Mír Físe**

**Dráma a cuireadh le chéile mar chuid den phacáiste ‘Ceartha Teanga’ a d’fhoilsigh Oifig an Choimisinéara Teanga**

**Le caoinchead ó Oifig an Choimisinéara Teanga**

### **Téacsanna**

**Ceithre théacs atá foilsithe ag Oifig an Choimisinéara Teanga:**

- **Dhá leagan de Chairt Ceartha Teanga**
- **An bhileog ‘Rialacha Comharthaíochta’**
- **An bhileog ‘Bileog Oibre do Cheacht 7’**

**Le caoinchead ó Oifig an Choimisinéara Teanga**

**Grianghraif éagsúla de chomharthaí**

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar an téacs d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



**An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal**

# Ceartha Teanga

## Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar ball ar Chairt Ceartha Teanga agus ar mhír físe faoi chearta teanga a chruthaigh Oifig an Choimisinéara Teanga. Ar dtús, áfach, déan an réamhobair seo a leanas.

- Cén rud é ‘Chairt Ceartha Teanga’, dar leat, agus cén fáth a mbeadh a leithéid á foilsiú? Dréachtaigh na pointí, dar leat, a bheadh ina leithéid de cháipéis.
- Cad iad na ceartha teanga atá ag an bpobal anseo in Éirinn, dar leat?
- Cá bhfaighfeá eolas faoi chearta teanga an phobail in Éirinn?
- Cad é an ról atá ag an gCoimisinéir Teanga? Féach ar shuíomh an Choimisinéara ag [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie) chun cabhrú leat.

Anois féach ar na comhraite / ráitis thíos agus pléigh an freagra a bheadh agat orthu.

1.  
Fostaí i gcomhlacht stáit      What’s your name?  
Custaiméir      Áine de Búrca  
Fostaí i gcomhlacht stáit      What’s that in English?
2.  
The computer doesn’t recognise Irish – it doesn’t do ‘síneadh fadas’.
3.  
Why do you need the form in Irish when you’re able to read English as well?
4.  
It’s a waste of money translating all that stuff into Irish. Nobody reads it anyway.

## Éisteacht agus Léamh

Anois féach ar an gcéad leagan den Chairt Ceartha Teanga agus freagair na ceistanna seo:

- An bhfuil aon cheann de na ráitis a chuireann iontas ort / nach raibh súil agat leis?
- Cad is brí leis na focail seo atá sa Chairt? Bain úsáid as an acmhainn chuí chun cabhrú leat.

|                         |                       |
|-------------------------|-----------------------|
| achtachán               | go comhuaineach       |
| cuntais iniúchta        | ráiteas straitéiseach |
| tograí beartais phoiblí | cora poist            |
| forálacha               | gearáin bhailí        |
| sárú an Achta           |                       |

- Anois féach ar an dara leagan den Chairt. Cuir an dá Chairt i gcomparáid le chéile agus pléigh na ceistanna seo:

Cé acu is fusa le tuiscint / le léamh?

Cad iad na tréithe teanga sa dá Chairt a dhéanann ceann níos fusa / níos deacra ná a chéile?

- Féach ar an mír físe agus pléigh an cheist seo:

Cén tuiscint a thug an dráma duit ar obair Oifig an Choimisinéara Teanga agus ar chearta teanga an phobail?

## Feasacht Teanga

- ‘...tar éis a achtaithe...’

Cén Béarla a bheadh agat ar an bhfrása thuas? Cén chuid den ghramadach atá i gceist? Pléigh agus déan iarracht Béarla a chur ar na frásaí thíos.

an tSualainn tír a déanta  
ní raibh sé buíoch de lucht a cháinte  
an Ghaeilge agus lucht a foghlamtha  
na comhlachtaí agus lucht a ndúnta

- Cuir Gaeilge ar na frásaí thíos:

the Minister  
the Minister's speech  
the Ministers' speeches  
I was talking to the Minister  
the Act  
the provisions of the Act  
the provisions of the Acts

- An bhfuil difear idir na focail seo a leanas? Má tá, cad é?

|                  |            |
|------------------|------------|
| scríbhneoireacht | scríbhinn  |
| tuairisc         | tuarascáil |
| cáipéis          | doiciméid  |
| comhartha        | fógra      |
| comhlacht        | eagraíocht |
| faisnéis         | eolas      |

- Tabhair míniú ar an séimhiú sna frásaí thíos.

gearáin bhailí  
ceantair Ghaeltachta

- ‘...cheap Uachtarán na hÉireann mé...’

Cén Béarla a chuirfeá ar na habairtí thíos?

Nuair a rinneadh an ceapachán sin  
Ceapadh mar chathaoirleach mé  
Ceapadh gurbh ise an duine is fearr don phost  
Bhí sé ag dul díom dán a cheapadh  
Caithfear scéim nua a cheapadh don mhaoiniú sin  
Sin é a bhí ceaptha agam a dhéanamh

- ‘tá sé de cheart agat...’

Cuir Béarla ar na frásaí thíos:

chun a cheart a thabhairt dó  
tá an ceart agat  
tá sé de cheart agat  
caithfear é sin a chur ina cheart  
níl rudaí mar is ceart  
rógaire ceart an leanbh sin!

- Déan cur síos ar thréithe foghraíochta na bhfocal thíos.

cartlann  
cairt  
ceart  
ceárta

## Iarobair

- Scríobh an ríomhphost a iarradh ar Shinéad a scríobh go dtí Oifig an Choimisinéara ag tabhairt an eolais faoin ngearán a bhí aici sa dráma.
- Anois smaoinigh go bhfuil tú ag iarraidh litir ghearáin a scríobh chuig eagraíocht stáit faoi shárú cearta teanga. Dréachtaigh creatlach na litreach. Tabhair aird ar leith ar an gcineál teanga a bheadh oiriúnach don chomhthéacs.
- Féach ar an mbileog ‘Rialacha Comharthaíochta’ agus pléigh a bhfuil inti. Ansin déan an cleachtadh ar an mbileog ‘Bileog Oibre’.
- Féach ar na grianghraif de na comharthaí agus pléigh iad i gcomhthéacs na dtreoracha a léigh tú níos luaithe maidir le comharthaíocht.
- Cad iad na háiteanna ina bhfuil an Ghaeilge feiceálach sa phobal, dar leat?

# Téipscrip

## An Coimisinéir Teanga

Seán Ó Cuirreáin is ainm domsa. Cheap Uachtarán na hÉireann mé mar chéad Choimisinéir Teanga sa bhliain 2004. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an dráma gairid seo a thugann léargas ar obair na hOifige seo.

- Niamh Dia duit. Oifig an Choimisinéara Teanga anseo. Niamh ag caint.  
Áine Dia duit. Is mise Áine de Búrca. Bhí mé ag iarraidh cárta aitheantais a fháil i nGaeilge ach ní raibh mé in ann. Céard is féidir a dhéanamh faoi seo?  
Niamh Cuirfidh mé tríd thú chuig Sinéad Ní Chathasaigh agus beidh sí in ann déileáil le do ghearán.  
Áine Ó, iontach, go raibh míle maith agat.

## Radharc 2B

- Sinéad Tuigim go dteastaíonn uait gearán a dhéanamh.  
Áine Bhí mé ag iarraidh cárta aitheantais a fháil i nGaeilge le m'ainm air i nGaeilge ach ní raibh mé in ann. Ní raibh an fhoirm iarratais acu i nGaeilge ach an oiread.  
Sinéad An féidir leat an t-eolas go léir a chur chugam, le do thoil?  
Áine Cuirfidh mé ríomhphost chugat. Cén seoladh ríomhphoist atá agaibh?  
Sinéad Cuir an ríomhphost chuig [eolas@coimisineir.ie](mailto:eolas@coimisineir.ie). Tabhair dom an t-eolas ar fad faoin méid a tharla agus rachaimid i dteagmháil leis an gcomhlacht poiblí maidir leis seo. Tiocfaidh mé ar ais chugat i ndiaidh do ghearán a fhiosrú.  
Áine Go raibh míle maith agat. Slán go fóill.

## Radharc 3

- Séamus Dia duit – is mise Séamus Ó Conghaile ó Oifig an Choimisinéara Teanga.  
Diarmuid Dia is Muire duit, a Shéamuis – is mise Diarmuid Mac Eoin, an tOifigeach Gaeilge sa chomhlacht poiblí seo.  
Séamus Is deas casadh leat, a Dhiarmuid. Is é an ról atá agamsa le hOifig an Choimisinéara Teanga ná a chinntiú go bhfuil an scéim teanga á cur i bhfeidhm mar is ceart. Anois, is léir ó mo chuid fiosrúchán go bhfuil go leor dul chun cinn déanta agaibh maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Ach tá deacrachtaí ann fós.  
Diarmuid Bhuel, tá an suíomh gréasáin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá na bileoga eolais agus na foirmeacha iarratais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla arís agus tá seirbhís chuntair i nGaeilge ar fáil in oifigí áirithe.  
Séamus Anois, ar ábhar eile, tá gearán tagtha isteach chuig Oifig an Choimisinéara Teanga ó dhalta scoile a raibh deacrachtaí aici cárta aitheantais a fháil i nGaeilge. Ní raibh an gearánach in ann foirm iarratais a fháil i nGaeilge agus dúradh léi nach raibh an córas ríomhaireachta atá agaibhse in ann déileáil leis an síneadh fada.

Diarmuid Bhuel, ba chóir go mbeadh na foirmeacha iarratais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Maidir leis an gcóras ríomhaireachta, beidh orm an scéal sin a fhiosrú duit mar níl mé róchinnte faoi.

Séamus Chomh maith leis sin, thug sí faoi deara go raibh na comharthaí uile a bhí san oifig i mBéarla amháin.

Diarmuid Ba chóir go mbeadh na comharthaí in airde go dátheangach.

Séamus Ba chóir. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí comharthaí a bheith in airde i nGaeilge agus i mBéarla.

Diarmuid Bhuel, mar a deirimse, tiocfaidh mé ar ais chugat maidir leis na rudaí sin go léir.

#### *Radharc 4*

Áine Breathnaigh. Tháinig mo chárta aitheantais sa phost inniu. Tá sé uile i nGaeilge.

Risteard Tá sé sin thar cionn. Caithfidh mise mo chárta aitheantais a fháil. An bhfuil d'ainm litrithe i gceart acu?

Áine Tá. Creid nó ná creid é, tá chuile shórt i gceart ar an gcárta sin, fiú m'ainm!

# CAIRT CEARTA TEANGA

Tá cosaint ar chearta teanga an phobail i mBunreacht na hÉireann agus in achtacháin éagsúla de chuid an Oireachtais, go háirithe in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("An tAcht").

Tá sé mar aidhm ag an Acht sin líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann eagraíochtaí stáit ar fáil don phobal a mhéadú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama.

## Ar na cearta teanga atá dearbhaithe san Acht, tá:

Ceart freagraí a fháil i nGaeilge ó eagraíochtaí stáit ar chomhfheagras i scríbhinn nó le ríomhpost sa teanga sin.

Ceart fáil a bheith ar dhoiciméid thábhachtacha ar leith ó eagraíochtaí stáit go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, ina measc, tuarascálacha bliantúla, cuntais iníuchta, ráitis straitéiseacha áirithe agus doiciméid ina bhfuil tograí beartais phoiblí.

Ceart an Ghaeilge a úsáid in aon Chúirt nó i ngnóthaí cúirteanna.

Ceart an Ghaeilge a úsáid os comhair Thithe an Oireachtais nó os comhair coistí, fochoistí agus comhchoistí de chuid an Oireachtais.

Ceart a bheith ag súil go bhfoilseofaí gach Acht de chuid an Oireachtais go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla a luaite agus is féidir tar éis a achtaíthe.

Ceart a bheith ag súil go mbeadh fáil ar fhaisnéis (m.sh. cora poist) a chuireann eagraíochtaí stáit chuig an phobal, i scríbhinn nó le ríomhphost, i nGaeilge nó go dátheangach (Gaeilge agus Béarla).

Ceart a bheith ag súil go gcloífeadh eagraíochtaí stáit le haon rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht, stáiseanóireacht, fógraíocht agus fógaírtí béil.

Ceart chun fáil a bheith ar gach seirbhís trí Ghaeilge atá comhaontaithe i "scéim" faoin Acht ag eagraíochtaí stáit, san áireamh na forálacha ar leith a bhaineann le ceantair Ghaeltachta.

Ceart le comhairle nó cúnamh eile a fháil ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le cearta teanga faoin Acht.

Ceart go bhfiosródh An Coimisinéir Teanga gearáin bhaill faoi theip aon eagraíochtaí stáit cloí lena ndualgais faoin Acht nó faoi aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.



## Bunreacht na hÉireann.

### Airteagal 8

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.



Déanann an Coimisinéir Teanga monatóireacht ar an mbealach a bhfuil forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á gcomhlíonadh agus fiosraíonn sé gearáin ón bpobal i dtaobh sháru an Achta nó sáru ar aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge. Cuireann an Coimisinéir Teanga comhairle ar fáil freisin don phobal maidir lena gcearta teanga agus do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoin Acht.

Tuilleadh eolais tríd an bpost, ar facs, le ríomhphost nó ar an teiléafón:

An Coimisinéir Teanga  
An Spidéal, Co. na Gaillimhe  
Fón: 091 504006  
Glao Áitiúil: 1890 504006  
Facs: 091 504036  
eolas@coimisineir.ie  
www.coimisineir.ie

Ní léargas cuimsitheach dillitíúil atá anseo ar an Acht agus níor chóir glacadh le haon eolas ar an gcairt seo mar chomhairle dlí.  
In Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 féin agus sna hionstraimí reachtúla agus rialachán a bhaineann leis amháin atá sainmhíníú dillitíúil ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.



# CAIRT CEARTA TEANGA

Tá cosaint déanta ar do chearta teanga faoi Bhunreacht na hÉireann agus faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Ceacht  
Lesson 5

## Bunreacht na hÉireann

Deir Airteagal 8 den Bhunreacht:

Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta,  
is í an phríomhtheanga oifigiúil í.  
Is é an Béarla an dara teanga oifigiúil.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla:

Is iad seo do chearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla:

### Freagraí i nGaeilge

Tá sé de cheart agat freagra a fháil i nGaeilge ar litir nó ríomhphost i nGaeilge chuig comhlachtaí poiblí.

### Cora poist

Tá sé de cheart agat cora poist ó chomhlachtaí poiblí a fháil ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla. Is eolas ginearálta a chuirtear chuig an bpobal iad cora poist.

### An Ghaeilge sna Cúirteanna

Tá sé de cheart agat an Ghaeilge a úsáid in aon chúirt.

### Doiciméid i nGaeilge

Tá sé de cheart agat a bheith ábalta doiciméid thábhachtacha ar nós tuarascálacha bliantúla a fháil ó chomhlachtaí poiblí ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.

### An Ghaeilge i dTithe an Oireachtais

Tá sé de cheart ag Teachtaí Dála agus ag Seanadóirí an Ghaeilge a úsáid i dTithe an Oireachtais.

### Comharthaíocht

Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil na comharthaí atá curtha in airde ag comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus i mBéarla.

### Achtanna an Oireachtais

Tá sé de cheart agat a bheith ábalta Achtanna an Oireachtais a fháil ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.

### Fógairtí taifeadta béil

Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil na fógairtí taifeadta béil atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí le cloisteáil i nGaeilge agus i mBéarla, mar shampla ar ghutháin.

### Stáiseanóireacht

Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil an nóta-pháipéar atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus i mBéarla.

### Gearáin

Má tá gearán agat faoi do chearta teanga, déanfaidh ár n-Oifig do ghearán a fhiosrú.

### Seirbhísí atá aontaithe trí scéimeanna teanga

Tá sé de cheart agat tuilleadh seirbhísí a fháil trí Ghaeilge mar atá aontaithe ag comhlachtaí poiblí i scéimeanna teanga. Aontaíonn comhlachtaí poiblí faoi na scéimeanna teanga i bhfad níos mó seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge ná iad siúd atá liostaithe anseo.

### Comhairle

Is féidir leat comhairle a fháil ónár n-Oifig maidir le do chearta teanga.



An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe  
Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006  
eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie

AG COSAINT  
CEARTA  
TEANGA



# RIALACHA COMHARTHAÍOCHTA

Ceacht 7  
Lesson 7

## FAOI ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA

**Uaireanta oscailte**

*Luan-Aoine, 9.00-17.30*

**Opening hours**

*Monday-Friday, 9.00-17.30*

◀ Fáiltiú

Carrchlós ▶

◀ Reception

Carpark ▶

An téacs i nGaeilge chomh mór leis an mBéarla

An t-eolas céanna i nGaeilge agus i mBéarla

An téacs i nGaeilge amháin

**Uaireanta oscailte**

*Luan-Aoine, 9.00-17.30*

◀ Fáiltiú

Carrchlós ▶

An Ghaeilge ar dtús

An Ghaeilge ar a laghad chomh sofheicthe leis an mBéarla

**AN ROINN AIRGEADAIS**

DEPARTMENT OF FINANCE

Níl an Ghaeilge chomh sofheicthe leis an mBéarla

Níl an Ghaeilge ann ar dtús

**DEPARTMENT OF FINANCE**

AN ROINN AIRGEADAIS

Níl an téacs i nGaeilge chomh mór leis an téacs i mBéarla

◀ Ionad Athchúrsála

**RECYCLING CENTRE**

Carrchlós do Chualiteoirí

**VISITOR PARKING** ▶

Litriú micheart  
"Bealach Éalaithe" ba chóir a bheith ann

**BEALACH ÉALITE**

Cosc ar Pháirceáil sa lá nó istoiche

**EMERGENCY EXIT**

No Parking day or night







An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe  
Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006  
eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie

**AG COSAINT  
CEARTA  
TEANGA**

## Bileog Oibre do Cheacht 7

An bhfuil na comharthaí seo ceart nó mícheart?

Cuir ✓ sa bhosca má tá an comhartha ceart agus ✗ má tá sé mícheart.

|   |                                                                                     |   |                                                                                       |
|---|-------------------------------------------------------------------------------------|---|---------------------------------------------------------------------------------------|
| 1 |    | 2 |    |
| 3 |   | 4 |   |
| 5 |  | 6 |  |
| 7 |  | 8 |  |




---

---

---

---

---

---

---




---

---

---

---

---

---

---




---

---

---

---

---

---

---





---

---

---

---

---

---

---



---

---

---

---

---

---

---



---

---

---

---

---

---

---